

❖ An Lúibín ❖

8 Márta 2024

Teangacha dúchais

Languages disappear. Why keep them?

Is gearr ó tarraingíodh ár n-aird ar alt in *The Guardian* – sliocht as leabhar le Ross Perlin, *Language City: The Fight to Preserve Endangered Mother Tongues*.¹

Mar a deir an t-údar, ní bhaineann an tuairim atá againn faoi fhiúntas nó faoi neamhfhíúntas teanga leis an teanga féin, ach ar chumhacht agus ar ghradam na gcainteoirí. Níl aon teanga bheo nach bhfuil ina córas lánghléasta chun gnáthchumarsáid a dhéanamh agus í ina ann focail nua a chumadh nó a fháil ar iasacht de réir mar is gá. Faoi láthair tá timpeall leath na dteangacha á labhairt ag timpeall 10,000 duine, agus tá na céadta teanga á labhairt ag deichniúr nó níos lú. Déanta na fírinne, is féidir le teanga neamhfhorleathan maireachtáil leis an céadta bliain ach í a bheith á labhairt ag daoine fásta le páistí.

Dá bhfiarófa cén fáth an bhfuil tábhacht le héagsúlacht teangacha, déarfadh teangeolaithe gur minic gurb iad na teangacha neamhscríofa is mó a chuireann in iúl nádúr agus cumas na cumarsáide. Tá borradh faoin taighde a deir gur oideachas tríd an teanga dhúchais an t-oideachas is fearr amach agus go bhfuil cothú teanga fite fuaite i sláinte coirp agus meanman.

Ba chóir go mbeadh na huirlisí a leanas ag gach teanga: leabhar mór foclóireachta, mionchuntas ar an ngramadach, agus stór scéalta, béaloidis agus ábhar eile a nochtann an teanga bheo agus a bhfuil cuid de, ar a laghad, trasríofa, aistriú, mínithe agus caomhnaithe i gcartlann.

Tá cuma na fírinne ar an sean-nath go bhfuil teanga agus cultúr fite fuaite ina chéile, cé nach fíor ar fad é, ós rud é go dtagann féiniúlacht pobail slán uaireanta tar éis an teanga a chailleadh. Ní ceart ach oiread tabhairt ar aon duine cloí le cultúr ar leith. Nuair a thagann an crú ar an tairne, caithfidh pobail agus daoine aonair a bheith in ann a ndearcadh féin a bheith acu ar theanga na sinsear agus ar an teanga a bheidh acu feasta. Tá cumas againn ó bhroinn a lán teangacha a labhairt, agus ní mór an bac orainn teanga neamhfhorleathan a chothú agus teanga níos forleithne a fhoghlaim.

Ní luann mo dhuine an Ghaeilge, ach ba dhóigh leat nach bhfuil sí i mbaol faoi láthair, pé rath nó mírath a bheidh uirthi feasta. Tá litríocht chomhaimseartha aici, tá córas oideachais aici (na scoileanna lán-Ghaeilge seachas an Ghaeilge éigeantach) agus tá cainteoirí cathrach ann atá díograiseach go leor. Agus, ar ndóigh, tá tacaíocht an stáit aici, fiú más lag an tacaíocht í ar a lán bealaí. Is iomaí teanga eile nach bhfuil an t-ádh sin leo.



An Conradh cráite

The Gaelic League has held its national convention, a meeting-place of old assumptions and new realities.

An ghéarchéim tithíochta sa Ghaeltacht agus múineadh na Gaeilge sa chóras oideachais a bhí á gcióradh ag Ard-Fheis Chonradh na Gaeilge i mBaile Átha Cliath le déanaí.

Ní raibh daoine sásta le cinneadh an Aire Oideachais an t-am a thugtar do mhúineadh na Gaeilge sna bunscoileanna a laghdú 30 nóiméad sa tseachtain, cé nach léir gur mheasade teagasc na teanga an cinneadh céanna (ná gurbh fhearrde an teagasc dá bharr ach oiread).

¹ Ross Perlin (2023), *Language City: The Fight to Preserve Endangered Mother Tongues*, Grove Press UK: <https://www.theguardian.com/science/2024/feb/22/disappearing-tongues-the-endangered-language-crisis>

Ba mhó an chiall a bhí leis an moladh go ndéanfadh an tAire múnla nua don Ghaeilge sa chóras oideachais trí chéile, cé go raibh an ghnáthchabaireacht le cloisteáil faoi bhréagthubaiste na ndíolúintí a thugtar do dhaltai nach bhfuil in ann Gaeilge a fhoghlaim ar chúis amháin no ar chúis eile. Ní hiad na díolúintí an fhadhb sa chás seo ach múineadh na teanga i gcóras nach féidir leis cainteoirí líofa a dhéanamh. D'aithin an Ardchraobh an fhadhb sa mhéid gur moladh go ndéanfaí na coláistí oiliúna do mhúinteoirí a chur ar bun arís chun feabhas a chur ar theagasc na teanga. Ba cheart go mbeadh múinteoirí in ann ábhair eile a mhúineadh i nGaeilge, rud nach féidir leat a dhéanamh mura bhfuil an teanga ar do thoil agat.

Níl an Conradh ullamh fós chun an leasú is ciallmhaire a mholadh – speisialtóirí a chur ag múineadh Gaeilge sna bunscoileanna agus tús áite a thabhairt don chaint ann, rogha a thabhairt do dhaltai meánscoile leanúint den Ghaeilge nó éirí aisti, agus cúpla ábhar eile a mhúineadh i nGaeilge i scoileanna lán-Bhéarla ach múinteoirí lánlíofa a bheith ann chuige (agus is annamh atá faoi láthair).

Tá an Conradh dóchasach fós i dtaobh na Gaeltachta. Ba mhaith le Coiste Dúiche na Gaillimhe go rachadh Údarás na Gaeltachta, Roinn na Gaeltachta agus an Roinn Tithíochta i gcomhar le chéile chun Plean Daonra agus Tithíochta a bheartú do gach limistéar pleanála teanga sa Ghaeltacht agus go mbeadh eolas ar an daonra agus an tithíocht sna limistéir sin ar fáil. Ach is deacair gan cuimhneamh ar an seanfhocal faoin doras a dhúnadh tar éis na foghla.

Tá dea-mhéin ag an gConradh, ach is deacair a rá cá mhéad tionchar atá aige ar bheartas an rialtais i leith na Gaeilge. Tá sé gafa fós ag aisling na hAthbheochana, agus ní olc a mheanma fós.



Díograisí Béarla

Tá roinnt físeán greannmhar faoin nGaeilge ar YouTube agus cuid acu níos fearr ná a chéile. Seo ceann ar fiú féachaint air.

'English Language Enthusiast'

<https://www.youtube.com/watch?v=RyhgMZn6MZk&t=24s>



Oileán aeir

An extract in Irish from Part 3 of Gulliver's Travels, about with an island floating in air.

Is é an leabhar is clúití de chuid Jonathan Swift, údar thar a bheith torthúil, *Travels into several remote nations of the World (Gulliver's Travels)*, a d'fhoilsigh sé in 1726 in Londain gan a ainm a chur leis. Tháinig éileamh air ar an bpointe boise. Go bhfios dúinn, níor foilsíodh aon chuid di i nGaeilge fós.

Geofar thíos sliocht as Cuid 3 den scéal – sliocht nach n-aithneodh mórán léitheoirí é. An réamhscéal: ruaig foghlaithe mara Gulliver as a long agus tháinig sé i dtír ar oileán sceirdiúil.

Rinne mé geábh siúil tamall i measc na gcarraigeacha; bhí an spéir an-ghlan, agus bhí an ghrian chomh te sin go raibh orm mo ghnúis a iompú uaithi: ach go tobann d'éirigh sí dorcha, dar liom, ar bhealach a bhí an-difriúil le scamall a bheith ag gabháil thairisti. Chas mé siar, agus shonraigh mé rud ollmhór teimhneach idir mé agus an ghrian agus é ag druidim isteach leis an oileán: ba dhóigh liom go raibh sé tuairim is dhá mhíle slí ar airde, agus cheil sé an ghrian ar feadh sé nó seacht nóiméad; ach níor mhothaigh mé go raibh an t-aer i bhfad níos fuaire agus an spéir níos dorcha ná mar a bheadh agus mé faoi scáth sléibhe. De réir mar a bhí sé ag tarraingt ar an áit a raibh mé, chonaic mé go raibh tathag ann agus tóin mhín chothrom aige a bhí ag lonnú go mór ó scáil na farraige. Bhí mé i mo sheasamh ar ard a bhí timpeall dhá chéad slat ón trá, agus chonaic mé an rud ollmhór seo ag dul síos beagnach ar aon chothrom liom agus é níos lú ná míle slí uaim. Bhain mé amach mo ghloine fhadradairc phóca agus chonaic mé go soiléir a lán daoine ag gabháil suas agus síos na dtaobhanna, a raibh chuma chlaonta orthu; ach theip orm a dhéanamh amach cad a bhí ar siúl ag na daoine sin.

Tháinig tallann éigin lúcháire orm le dúil nádúrtha sa bheatha; agus tháinig dóchas agam go bhféadfadh an eachtra seo, ar dhóigh nó ar dhóigh eile, cuidiú liom éalú as an ainnise ina raibh mé. Ach mar sin féin ba dheacair duit a chreidiúint cén dubhiontas a bhí orm agus mé ag féachaint ar oileán san aer agus daoine ina gcónaí ann arbh fhéidir leo (dar leat) é a ardú nó a ísliú nó a chur ag gluaiseacht de réir a dtola. Ach ós rud é nach raibh fonn orm ag an am machnamh grinn a dhéanamh ar an scéal, b'fhearr liom féachaint cén cúrsa a choinneodh sé agus é ina stad ar feadh tamaill. Ach ba ghearr gur tháinig sé níos gaire dom agus gurbh fhéidir liom roinnt áiléar a fheiceáil réimnithe timpeall na dtaobhanna, agus staighrí ag dul suas síos eatarthu. San áiléar ab ísle chonaic mé daoine ag iascaireacht le slata fada agus daoine eile ag féachaint orthu. Chroith mé mo chaipín (ó b'fhada mo hata ídithe) agus mo chiarsúr i leith an oileáin; agus nuair a dhruid sé anall, scairt mé in ard mo chinn agus mo ghutha; ansin, ag féachaint timpeall dom, chonaic mé slua ag cruinniú ar an taobh sin ba mhó a bhí ar m'amharc. Rinne mé amach, agus iad ag síneadh a méire i mo threo féin agus i dtreo a chéile, gur thug siad faoi deara go soiléir mé, cé nach ndearna siad mo scairteadh a fhreagairt. Ach chonaic mé ceathrar nó cúigear ag rith faoi dhúdheifir suas na staighrí go barr an oileáin agus ag dul as amharc. Thomhais mé, agus an ceart agam, go raibh siad ag iarraidh orduithe ó údarás éigin sa chás seo.

Mhéadaigh an slua, agus i gceann níos lú ná leathuair an chloig, bogadh agus ardaíodh an t-oileán i dtreo go raibh an t-áiléar ab ísle ar aon leibhéal leis an ard agus é faoi bhun céad slat uaim. Ansin d'umhlaigh mé mé féin go talamh rompu agus labhair mé go himpíoch, ach ní bhfuair mé freagra. Ba dhóigh liom ar a n-éide gur dhaoine uaisle iad na daoine ba ghaire dom. Bhí dlúthchomhrá á dhéanamh acu agus súil á tabhairt acu orm. I ndeireadh na dála ghlaoigh duine acu orm i gcanúint mhín shoiléir a raibh cosúlacht éigin idir í agus an Iodáilis; agus dá bhrí sin d'fhreagair mé sa teanga sin é agus súil agam ar a laghad go dtaitneodh an tuin leis. Cé nár thuigeamar a chéile, b'fhurasta brí a bhaint as a ndúirt mé, toisc gur léir dóibh go raibh mé i ngátar.

Rinne siad comharthaí liom teacht anuas den charraig agus déanamh ar an trá, rud a rinne mé; agus nuair a ardaíodh an t-oileán aeir go hairde oiriúnach agus an chiumhais díreach os mo chionn, ligeadh slabhra anuas ón áiléar ab ísle agus suíochán ceangailte de, agus shuigh mé síos air agus tharraing ulóga aníos mé.



Drámaíocht Ghaeilge

In Ireland, according to a new report, Irish-language drama is in the doldrums.

In 1975 a foilsíodh *Cití: dráma trí ghníomh*, dráma le Siobhán Ní Shúilleabháin agus é scríofa i gcaint ghéar nádúrtha Chorca Dhuibhne. Cití an príomhcharachtar, bean óg bhríomhar a bhfuil an seansaol (an Bhean Rialta sa chás seo) ag baint a bhrí féin as a hiompar.

Cití: Agus mo chairde, Neile, Beiti, Jimmy, imithe go Londain, gan aoinne agam chun labhairt leis ar a mbus ná siúl timpeall leis an lóin, na leads a mbuilimis leo imithe chomh maith, mé im Oisín i ndiaidh na Féinne!

Bean Rialta: Sea, tá sí beagán éaganta, ach – is minic gurb iad is fearr a dheineann. Chím anso iad agus gan ag déanamh tinnis dóibh ach rincí agus buachaillí, agus an chéad eile táid chughat agus a gcuid leanbh ar láimh 'dtín mbunscoil, chomh stuama ciallmhar agus a d'iarrfá. Deineann máithreacha iontacha díobh agus mná céile thar na bearta. Wonderful!

Cití: Bean, ina bean, aisti féin, cá'il sí? Cá'il a marc go seasfaidh sí ann? Cad is fiú bean gan bheith ina hiníon ag fear éigin, nó ina bean chéile ag fear éigin, nó ina máthair ag fear éigin? Aisti féin, gan a bheith ag tabhairt seirbhíse do fhear éigin, an fiú faic í? N'fheadar – n'fheadar – n'fheadar! Bean, bean chéile, bean phósta, bean chabhartha – cad tá orm?

Is beag dráma Gaeilge, sean nó nua, a bhfuil an bheocht sin nó an nádúrthacht sin ann. Ach tá na drámaí ann, mar sin féin, idir láidir agus lag. Bhíodh an drámaíocht ina dhlúthchuid de shaol na Gaeilge, fiú thar lear. Níl anois.

Tá tuarascáil déanta ag meitheal taighde as Coláiste Mhuire Gan Smál agus Ollscoil Luimnigh agus deir sí go bhfuil drámaíocht na Gaeilge, idir ghairmiúil agus amaitéarach, in ísle brí. Tá lárphleanáil ag teastáil agus níl an lucht féachana ann a thuilleadh. Bhíodh an gréasán cumann amaitéarach níos fairsinge agus tá líon na gcumann dulta i

laghad, go háirithe sna coláistí tríú leibhéal. Is fada nár léiríodh drámaí Gaeilge ar phríomhstáitse Amharclann na Mainistreach agus is annamh a léirítear drámaí Gaeilge sa Phéacóg. Fiú sa Taibhdhearc tá an Béarla i réim agus gan de dhrámaí Gaeilge ann ach an beagán. Níl iarracht bhuan á déanamh in aon áit ar snas a chur ar scrípteanna Gaeilge.

Scrípteanna maithe atá ag teastáil sa chéad dul síos, agus aisteoirí oilte a bhainfidh tairbhe astu. Chomh maith leis sin, ní mór na drámaí a léiriú i dtreo go rachaidh siad i bhfeidhm ar aigne agus ar shamhlaíocht an lucht féachana. Cinnte, tá gá leis an méid sin i dteanga ar bith, ach caithfidh an drámaíocht Gaeilge an slua a mhealladh, agus ní mheallfar iad le léiriú lag annamh. Agus ar éigean is gá a rá go bhfuil a lán rudaí eile ag dul i gcoimhlint leis an drámaíocht.

Caithfear maoiniú a fháil, cé nach leigheas ar gach olcas an maoiniú céanna. Deirtear go bhfuil os cionn €1 milliún breise le tabhairt don Taibhdhearc (amharclann náisiúnta na Gaeilge) thar thréimhse ceithre bliana. Ní fhaigheann sí ach €320,000 in aghaidh na bliana faoi láthair. Cuid de Straitéis Náisiúnta d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge é seo.

Mar fhocal scoir, cuimhnimis gurb é an stáitse a sholáthraíonn cuid mhaith aisteoirí do scannáin agus don teilifís. Más mian linn go mbeidh rath ar an scannánaíocht Ghaeilge, bíodh súil againn le bláthú na drámaíochta.



Comhairle theanga

As an Eastóin do Julia Tsilman; tá idir Rúisis agus Bhéarla ar a toil aici, agus tá comhairle chiallmhar aici don té atá ag foghlaim teanga.

<https://www.youtube.com/watch?v=c1DXvIqLVrQ>

- Ní gá cónaí i dtír a bhfuil an teanga á labhairt ann chun a bheith líofa.
- Ná bíodh imní a bheith ort faoi bhotúin – déanann cainteoirí dúchais féin iad.
- Ná bí ró-bhuartha faoin tuin atá ort.
- Ní gá an-staidéar foirmiúil a dhéanamh ar ghramadach chun ceart na teanga a bheith agat.
- Ní gá neart cora cainte ná foclóir ollmhór a bheith agat.
- Ná bí buartha mura bhfuil tú in ann gach tuin de chuid na teanga a thuiscint.
- Ní hamhlaidh go gcaithfidh tú airgead mór a chaitheamh ar chúrsaí teanga.
- Ní gá modh áirithe foghlama a chleachtadh seachas modhanna eile.



Cúrsaí comhshaoil

Drochthuar na spúinsí mara

Research on sea sponges has revealed that global warming may more advanced than previously thought.

Faoin uair a thosaigh taifid oifigiúla teochta, bhí leathchéim d'ardú déanta cheana ag na teochtaí domhanda.² Sin tuairim na dtaighdeoirí atá tar éis spúinsí a scrúdú i Muir Chairib.

Baineann an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide feidhm as na taifid dhomhanda teochta is luaithe mar bhunlíne chun meánteochtaí réamhthionsclaíocha a mheas. Is í an tréimhse atá i gceist an tréimhse timpeall 1850-1900, nuair a bhí teacht ar na chéad taifid loinge i dtaobh teochtaí dromchla mhara.

Maítear, áfach, go dtig le spúinsí fadsaolacha mara léargas a thabhairt ar theochtaí chomh siar leis an 18ú haois. Tá anailís déanta ar an gcoimheas idir strointiam is cailciam i gcnámharlaigh charbonáit chailciam de chuid

² 'The world has warmed 1.5 °C, according to 300-year-old sponges': https://www.nature.com/articles/d41586-024-00281-8?utm_source=Live+Audience&utm_campaign=4030a2d34e-briefing-dy-20240206&utm_medium=email&utm_term=0_b27a691814-4030a2d34e-51203724

Ceratoporella nicholsoni, spúinsí atá cosúil le coiréal agus atá 300 bliain d'aois. Athraíonn an cóimheas de réir athruithe i dteocht an uisce.

Fuarthas na spúinsí in áit áirithe i Muir Chairib, ag fás 33-91 méadar ar domhain i sraith mheasctha an aigéin, sraith atá i gcothromaíocht le teochtaí an atmaisféir.

Cuireann an taighde in iúl gur thosaigh an domhan ag téamh i lár na 1860idí. Sa tréimhse réamhthionsclaíoch 1700-1860 is beag athrú a tháinig ar theochtaí mara; ina dhiaidh sin, mar a áirítear de réir na spúinsí, tháinig ardú ar theochtaí domhanda a bhí 0.5 °C níos mó ná meastachán an Phainéil Idir-Rialtasaigh. Sháraigh an aeráid 1.5 °C timpeall 2010-2012 agus sháróidh sí 2 °C i gceann cúpla bliain. (Déantar talamh slán de sa chás seo go mbeadh 'teiriméadar' na spúinse ag feidhmiú go fadtréimhseach mar a bhí sé sa tréimhse áirithe úd.)

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dánta le Colin Ryan. Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022).

Idir

Bhí solas idir na crainn anseo
ag dorchú nó ag gealadh
an choill ag siosadh le gaoth
le glór an tslua a d'imigh
na cosáin á gceilt
ag raihtneach na haoise
is teachtaireacht breactha
ar chraiceann na gcrann
doléite doléite

Ag gabháil abhaile

Ag gabháil abhaile anois
is tú i do scáil
i ngloine na bhfuinneog
ag dul thar dhoirse
nach n-osclóidh duitse choíche
na táinte gan ainm
sna sráideanna
an baile ag teacht i do choinne
is ag cúlú romhat go deo

